

**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**  
**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

**RIALACHÁN 1/2004**

## **Irish Universities Act, 1908**

## **Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929 Acht na nOllscoileanna, 1997**

### **Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

#### **RIALACHÁN 1/2004**

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaité, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an naoú lá seo de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Ceathair.

I láthair nuair a greamaíodh  
Gnáth-Shéala Ollscoil na  
hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, Uachtaráin  
Séamus Mac Mathúna, Rúnaí

#### **Sceideal - RIALACHÁN 1/2004**

Deanfar Rialacháin uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a leámh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

**Irish Universities Act, 1908**

**Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929  
Universities Act, 1997**

**National University of Ireland, Galway**

**REGULATION 1/2004**

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said University.

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this ninth day of December, Two Thousand and Four.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtaráin*  
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

**Schedule - REGULATION 1/2004**

All previous Regulations of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth.

## CAIBIDIL I

### AN LEAS-UACHTARÁN UM THAIGHDE

1. Beidh freaghracht ar an Leas-Uachtarán um Thaighde, faoi stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag Údarás na hOllscoile, as polasaí na hOllscoile i réimse an taighde a fhoirmiú, i gcomhairle leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, agus as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an pholasaí sin.

Comhlíonfar an fhreaghracht seo i gcomhairle leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, a bheidh ina C(h)athaoirleach ar an gCoiste Taighde, agus ar bhealach a thiocfaidh le feidhmiú na ndualgas agus na gceart reachtúil uile ag an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid i dtaca le gnó acadúil na hOllscoile.

2. Beidh freaghracht shonrach ag an Leas-Uachtarán um Thaighde as:
  - a) gníomhaíocht taighde a chur chun cinn i réimsí acadúla uile na hOllscoile
  - b) an bonneagar is gá le tacú le gníomhaíocht taighde na hOllscoile a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh air
  - c) maoiniú a ghiniúint ó fhoinsí seachtracha, agus giniúint an mhaoinithe sin a éascú, i gcomhairle leis an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéisearcha agus Ghnóthaí Eachtracha, le hinfheistíocht na hOllscoile i ngníomhaíocht taighde a chothú agus a fhorbairt
  - d) monatóireacht a dhéanamh ar oibriú ginearálta na nIonad Taighde, na nInstitiúidí Taighde agus na nAonad Taighde ag an Ollscoil
  - e) taighde idirdhisciplíneach agus iarratais ar dheontais taighde a chur chun cinn, i bpáirt le hinstiúidí seachtracha de réir mar is cuí
  - f) conarthaí taighde, agus comhaontuithe ábhartha, seachtracha na hOllscoile
  - g) forbairt straitéisí agus socrutithe le torthaí gníomhaíochta taighde ag an Ollscoil a chraobhscaoileadh agus sochar trádálach a bhaint astu.
3. Beidh an Leas-Uachtarán um Thaighde ina c(h)omhalta d'Fhoireann Bhainistíocha na hOllscoile agus beidh sé/sí i láthair, de réir mar is gá, ag cruinnithe d'Údarás na hOllscoile agus d'aon choiste de sin a bhaineann le hábhar.
4. Rachaidh an Leas-Uachtarán um Thaighde i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile den Ollscoil ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu.

## **CAIBIDIL II**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an naoú lá de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Ceathair, agus féadfar Rialachán 1/2004, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó Rial. 1/2004, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann,  
Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán Séamus Mac Mathúna, Rúnaí*

## **CHAPTER I**

### **THE VICE-PRESIDENT FOR RESEARCH**

1. The Vice-President for Research, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have responsibility for formulating, in consultation with the Registrar and Deputy-President, and overseeing the implementation of, University policy in the area of research.

This responsibility shall be discharged in consultation with the Registrar and Deputy-President, who shall chair the Research Committee, and consistently with the exercise of all statutory obligations and rights of the Registrar and Deputy-President in respect of the academic business of the University.

2. The Vice President for Research shall have specific responsibility for:
  - a) promoting research activity in all academic areas of the University
  - b) developing and overseeing the infrastructure required to support the research activity of the University
  - c) generating and facilitating the generation of, in consultation with the Vice-President for Strategic Initiatives and External Affairs, funding from external sources to sustain and develop the investment of the University in research activity
  - d) monitoring the general operation of the Research Centres, Research Institutes and Research Units of the University
  - e) promoting interdisciplinary research and research grant applications, in association with external institutions as appropriate
  - f) external research contracts and relevant agreements of the University
  - g) development of strategies and arrangements for the dissemination and commercial exploitation of the outcome of research activity of the University.
3. The Vice-President for Research shall be a member of the University Management Team, and shall attend, as required, at meetings of Údarás na hOllscoile and any relevant committees thereof.
4. The Vice-President for Research shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern.

## **CHAPTER II**

1. This Regulation shall come into operation on ninth day of December, Two Thousand and Four, and may be cited as Regulation 1/2004, National University of Ireland, Galway, or Reg. 1/2004, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common  
Seal of National University of  
Ireland, Galway, was affixed hereto:



Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*  
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*